# Snáithe 3 | Caidrimh agus Gnéasacht

| | |
|---|---|
| **Toradh Foghlama 3.8:** | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire tuiscint a bheith aige a thábhachtaí atá sé toiliú a lorg, a thabhairt agus a fháil i gcaidrimh ghnéasacha, maidir le caidrimh chomhbhácha a thógáil agus ón dearcadh dlíthiúil. |
| **Réamhfhoghlaim:** | Sula dtugann an scoláire aghaidh ar Thoradh Foghlama 3.8, caithfidh an scoláire dul i ngleic leis na torthaí foghlama ábhartha, lena n áirítear foghlaim faoi **na comharthaí de chaidrimh shláintiúla**, **mhíshláintiúla agus mhí úsáide** (3.3), **cothroime inscne agus steiréitíopaí inscne** (1.5), **cumarsáid a dhéanamh ar bhealach measúil agus éifeachtach** (1.7) **agus an tábhacht le comhbhá** (1.8). |

## Céard í an fhoghlaim thábhachtach?

Is é cuspóir Thoradh Foghlama 3.8 chun comhráite a chruthú le daoine óga faoi thoiliú mar chuid lárnach de gach caidreamh sláintiúil, is éard atá i gceist leis ná aitheantas agus meas ó thaobh teorainneacha an duine féin agus teorainneacha daoine eile agus deimhniú a dhéanamh i gcónaí mura bhfuiltear cinnte faoi, agus a bheith in ann comhbhá a léiriú. Cuirtear tús leis an gcomhrá i gcairdeas sula dtéitear ar aghaidh chuig caidrimh rómánsacha/ghnéis.

Tá sé tábhachtach go bpléann daoine óga an chúis le toiliú a bheith tábhachtach, seachas ó thaobh dearcadh dlíthiúil amháin. I bhfocail eile, an chaoi le bheith measúil agus comhbhách i gcaidrimh.

Nuair atáthar ag múineadh faoi thoiliú, caithfear plé a dhéanamh ar chastacht na dtosca a bhfuil tionchar acu ar inniúlacht an duine óig chun toiliú a chur in úsáid. Cuimsítear leo sin, féinfheasacht, féinmheas, an inniúlacht chun cumarsáid a dhéanamh go muiníneach, tionchar an alcóil/substaintí, piarbhrú, an cultúr coiteann agus na noirm shóisialta. Baineann plé ar thoiliú gnéasach leis an tuiscint ar noirm inscne dhochracha agus ar steiréitíopaí inscne dochracha.

### Ceisteanna féideartha le hiniúchadh tríd an toradh foghlama seo:

- Cén chuma atá ar chaidreamh sláintiúil?
- An gné thábhachtach é toiliú den chaoi a ndéanaimid teagmháil le daoine ar líne agus i bpearsa? Cén fáth arb é/nach é?
- Cad a bhíonn ag tarlú nuair a thugann duine toiliú i gcásanna laethúla? Cad atá á rá aige, cad atá ar siúl aige (i., briathartha agus neamhbhriathartha)? Cén chuma atá ar dhuine nach bhfuil ag tabhairt toilithe?
- Cén chaoi a bhféadfadh duine aireachtáil mura dtugann duine eile toiliú le haghaidh ruda atá tusa ag iarraidh a dhéanamh? Cén chaoi a dtabharfá aghaidh ar na mothúcháin sin, agus an ceart atá ag an duine eile chun diúltú a dhearbhú?
- Céard iad na príomhtheachtaireachtaí faoi thoiliú ar líne agus sna meáin, i bhfíseáin cheoil agus i gcluichí mar shampla? Cén tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag na teachtaireachtaí sin ar dhearcthaí?
- Céard aige a bhféadfadh a bheith tionchar ar chumas duine (1) toiliú a lorg, (2) toiliú a thabhairt, (3) gan toiliú a thabhairt? (noid: aois, muinín, scileanna, úsáid alcóil/substaintí, cothromaíocht chumhachta sa chaidreamh, piarbhrú, noirm shóisialta, an cultúr coiteann)
- Céard iad na himpleachtaí a bhaineann leis an dlí a bhriseadh maidir le toiliú i gcaidrimh ghnéis? Céard iad na tionchair neamhdhlíthiúla eile?
- I gcomhthéacs an toilithe i gcaidrimh ghnéis, céard iad na tacaíochtaí agus na seirbhísí atá ar fáil? Cén chaoi ar féidir le daoine rochtain a fháil ar na tacaíochtaí agus ar na seirbhísí seo?

### Torthaí féideartha foghlama leantacha:

**Na rioscaí agus na hiarmhairtí a bhaineann le híomhánna gnéasacha a roinnt ar líne** (2.9) agus/nó **tionchar na pornagrafaíochta ar léiriú gnéasach** (3.10)

**Téigh chuig Uirlisí Úsáide OSPS 2023 le haghaidh acmhainní an tseomra ranga nasctha le TF 3.10**